



TEAGASCÓIRÍ AGUS LÉACHTÓIRÍ PÁIRTAIMSEARHTHA

SAINCHUNTAS POIST GINEARÁLTA

Dualgais agus Téarmaí & Coinníollacha Fostaíochta san áireamh

1. BROLLACH

Is coláiste Caitliceach neamhspleách Oideachais agus Saorealaíon ar leibhéal ollscoile é Coláiste Mhuire gan Smál (CMgS). Bunaíodh an coláiste in 1898 agus tá ceangal acadúil idir é agus Ollscoil Luimnigh. Tá sé ar an institiúid ardoideachais is sine i Luimneach. Leis an obair forbartha atá déanta le blianta beaga anuas tá fás suntasach tagtha ar roghchlár na gclár oideachais sa Choláiste thar dhá champas, ceann atá lonnaithe i gcroílár Chathair Luimnigh agus ceann eile i nDurlas, Co. Thiobraid Árann. Tá níos mó ná 5,000 foghlaimoir inár bpobal mac léinn, iad ag tabhairt faoi dhá chlár fhochéime déag, mar aon le réimse leathan de chlár iarchéime suas go leibhéal na dochtúireachta. Bíonn réimse leathan taighde ar siúl ag an bhfoireann acadúil, agus is é an taighde sin atá mar bhonn agus mar thaca ag an teagasc agus ag an bhfoghlaim ar fad sa Choláiste.

Féachann CMgS lena mhic léinn a ullmhú don sármhaitheas gairmiúil agus lena n-acmhainneacht a chothú chun saol rathúil a chaitheamh.

2. PRÓIFÍL AN IARRATASÓRA & SCÓIP AN RÓIL

Lorgaíonn Coláiste Mhuire gan Smál iarratais ó dhaoine le cáilíochtaí agus taithí oiriúnach do phoist teagaisc agus léachtóireachta sealadacha, páirtaimseartha a íocfar in aghaidh na huaire a' chloig.

Cáilíochtaí, Scileanna agus Taithí Riachtanacha:

- Céim iarchéime ag Leibhéal Máistreachta ar a laghad (ach is fearr PhD a bheith ag iarratasóir) agus fianaise maidir le saineolas i gceann amháin ar a laghad de na réimsí ábhair seo a leanas:
 - *Gaeilge (Dámh an Oideachais)*
- Taithí teagaisc ag leibhéal na bunscoile, na meánscoile nó an tríú leibhéal;
- Scileanna idirphearsanta, eagrúcháin, cumarsáide agus cur i láthair den scoth.

Tá sé inmhianaithe chomh maith go mbeidh na nithe seo a leanas ag iarratasóirí:

- Taithí ar oideachas ar líne, bealaí cumaiscthe, cianfhoghlama agus bealaí foghlama solúbtha.

Cuirtear fáilte roimh iarratais ó dhaoine a bhfuil dearcadh dearfach acu i leith na Gaeilge.

Tabhair faoi deara, led' thoil, go bhféadfadh impleachtaí a bheith ag beartas reatha an rialtais ar athfhostú iarratasóirí atá ag fáil pinsean san earnáil phoiblí faoi láthair.

3. SAINCHUNTAS POIST

Caidreamh Tuairiscithe

Is gá don té a cheapar na dualgais a ghabhann leis an bpost a chomhlíonadh faoi threoir ghinearálta an Ceann Roinne dá dtuairiscíonn sé/sí agus dá bhfuil sé/sí freagrach maidir le feidhmíocht na ndualgas sin ar an gcéad dul síos. Tuairisceoidh an té a cheapfar tríd an Ceann Roinne do Dhéan na Dáimhe agus d'Uachtarán an Choláiste agus/nó d'Oifigigh Coláiste eile mar a cheapann an tUachtarán ó am go ham.

Is féidir athbhreithniú a dhéanamh ar an ngnás tuairisce ó am go chéile ag brath ar riachtanais sheirbhíse agus forbairtí sa Choláiste.

Dualgais agus Freagrachtaí

- Léachtaí agus/nó ranganna teagaisc a sheachadadh;
- Pleanáil, teagasc, measúnú agus grádú na mac léinn ag leibhéil fhochéime agus iarchéime;
- Bainistíocht ar Moodle, iontráil ghráid agus déileáil le ceisteanna na mac léinn;
- Idirchaidreamh a dhéanamh le léachtóirí agus teagascóirí eile ar shaincheisteanna a bhaineann le teagasc, le foghlaim agus le measúnú;
- Comhairliúchán a dhéanamh le mic léinn agus leis an bpobal foghlama níos leithne;
- Rannpháirtíocht i gcruinnithe agus i ngníomhaíochtaí chun tacú le forbairt ghairmiúil leanúnach mar atá ábhartha agus faofa ag Ceann na Roinne;
- Páirt a ghlacadh i gcruinnithe na Roinne de réir mar is gá;

Cé go bhfuil sainmhíniú déanta go ginearálta ar na dualgais don phost faoi na teidil éagsúla ní liosta iomlán é. Meabhraítear chomh maith nach luíonn comhlíonadh na ndualgas go léir ar aon duine amháin ach ní mór don té a cheapfar feidhmiú i slí atá solúbtha agus dlúthpháirteach, agus oibriú le chéile mar fhoireann.

4. TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA NA FOSTAÍOCHTA

Ginearálta

Síneoidh gach duine fostaithe ag an gcoláiste conradh oiriúnach, ina mbeidh na téarmaí agus na coinníollacha go léir a bhaineann leis an bhfostaíocht.

Láthair Oibre

Is é Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach, do láthair oibre. Forchoimeádan an Coláiste an ceart éileamh a chur ort oibriú ó aon láthair eile. Éilíonn an Coláiste go mbeidh an té a cheapfar ina c(h)ónaí laistigh d'achar réasúnta ón gColáiste.

De bharr gheall na srianta reatha um shláinte phoiblí d'fhéadfaí go n-iarrfaí ar an té a cheapar roinnt dá gcuid oibre nó an obair ar fad a dhéanamh go cianda.

Tréimhse Phromhaidh

Tá an ceapachán faoi réir tréimhse phromhaidh chaighdeánach 9 mí a chomhlíonadh go rathúil. Féadfar an tréimhse phromhaidh a shíneadh faoi rogha an Choláiste, ach ní bheidh an tréimhse níos faide ná 11 mhí i gcás ar bith. Sa chás go bhfuil d'fhostaíocht ar feadh tréimhse atá níos lú ná an tréimhse phromhaidh chaighdeánach, ansin cuirfear promhadh i bhfeidhm ar feadh thréimhse iomlán na fostaíochta. Cuirfear síneadh leis an tréimhse phromhaidh mar thoradh ar an mball foirne a bheith as láthair ón obair lena linn. Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus ar iompar i rith na tréimhse phromhaidh trí phróiseas cruinnithe measúnaithe. Is faoi rogha an Choláiste atá sé deireadh a chur le fostaíocht le linn na tréimhse phromhaidh, le cúis nó gan aon chúis. Ní cuirfear nós imeachta araíonachta i bhfeidhm i gcás fhostaithe atá ar promhadh, atá fostaithe ar feadh tréimhse ama níos lú ná dhá mhí dhéag.

Uaireanta Tinrimh

Is é/í an Ceann Roinne a dhéanfaidh cinneadh faoina huairanta tinrimh gach seimeastar de réir amchlár an Choláiste agus de réir riachtanais teagaisc pháirtaimseartha na Roinne. Tabharfar conradh don té a cheaptar a thabharfaidh breac-chuntas ar a gcuid uaireanta teagaisc sula dtosaíonn siad san fhostaíocht.

Tuarastal

Le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2020, is iad seo na rátaí léachta agus teagaisc páirtaimseartha in aghaidh na huairte i gColáiste Mhuire gan Smál:

Rang Teagaisc - € 32.40 in aghaidh an ranga teagaisc

Rang Teagaisc Teanga - € 43.20 in aghaidh an rang teagaisc teanga

Léacht - € 64.80 in aghaidh na léachta

Ionchorpraíonn na rátaí pá seo an t-am riaracháin agus ullmhúcháin go léir atá riachtanach chun léachtaí agus ranganna teagaisc a sheachadadh go héifeachtúil, cruinnithe gaolmhara le Cinn Roinne agus mic léinn ina measc.

Ní mór éilimh ar íocaíocht d'uaireanta páirtaimseartha a chur isteach trí fhoirm ar líne ar *SharePoint*. Tá sé de dhualgas ar gach ball foirne páirtaimseartha an fhoirm seo a líonadh isteach gach mí ag léiriú líon na n-uaireanta a oibrítear gach lá.

Saoire Bhliantiúil

Beidh saoire bhliantiúil ag ráta 8% de na huairanta iomlána a oibrítear. Déanfar é seo chun cloí leis an Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997.

Fostaíocht a Fhoirceannadh

Tá fógra i scríbhinn mí amháin ar a laghad de dhíth chun éirí as an bpost seo.

Ar fhostaíocht a fhoirceannadh ach sula n-imítear ón gColáiste, ní mor do dhaoine den fhoireann gach leabhar, turascáil, meamram, comhfhreagras, páipéar, taifead, tuairisc, comhad lena n-áirítear sonraí ar chomhaid leictreonacha, dioscaí ríomhaire, dioscaí a bheadh taifeadta go leictreonach agus aon doiciméid eile agus gach maoin eile lena n-áirítear eochracha oifige ar leis an gColáiste iad nó a bhaineann le gnó nó gnóthaí an choláiste atá i seilbh an duine den fhoireann nó faoina rialú nuair a dhéantar fostaíocht a fhoirceannadh a thabhairt ar ais.

Rúndacht

Le linn do dhuine a bheith ag obair i gColáiste Mhuire gan Smál d'fhéadfadh go mbeidh teacht aige/aici ar, nó d'fhéadfadh go gcloisfí eolas faoi bhaill foirne agus/nó faoi mhic léinn de chuid Choláiste Mhuire gan Smál, agus/nó faoi fheidhmiú ghnó an Choláiste. Táthar den tuairim gur fhaisnéis faoi rún aon fhaisnéis a bhfaightear le linn do dhuine a bheith fostaithe sa Choláiste, le haon ghné de fhreagrachtaí no d'oibríochtaí an Choláiste san áireamh anseo. Níl cead aon chuid den eolas seo a roinnt ná a phlé ach amháin agus an duine a bheith i mbun a ngnáth-dhualgais, agus nach roinnfear an t-eolas seo le tríú páirtí ach amháin sa chás go bhfuil cead amhlaidh a dhéanamh. Tá sé de dhualgas ar dhuine gan taifid agus/nó comhaid a fhágáil ar bhealach ina mbeadh daoine neamhúdraithe in ann teacht orthu, agus is gá iad a stóráil go sábháilte i gcónaí.

Sláinte Agus Sábháilteacht

Cinntoidh Coláiste Mhuire gan Smál timpeallacht oibre atá sábháilte agus sláintiúil, chomh fada agus atá indéanta le réasún. Dá bhrí sin, tá sé mar dhualgas ag gach fostaí cúram réasúnta a thógáil chun a s(h)láinte agus a s(h)ábháilteachta féin agus sláinte agus sábháilteacht daoine eile sa láthair oibre a chosaint. Is gá do gach fostaí beartais agus nósanna imeachta sláinte agus sábháilteachta atá i bhfeidhm i gColáiste Mhuire gan Smál a chomhlíonadh agus iad féin a chur ar an eolas faoin Ráiteas Sábháilteachta.

Tá sé de dhualgas ar fhostaithe an Trealamh Cosanta Pearsanta a tugadh dóibh a chaitheamh agus ní chuirfidh aon duine, d'aon ghnó nó trí thimpiste, isteach ar nó mí-úsáid a bhaint as aon uirlis, éadaí cosanta nó aon trealamh eile a chuirtear ar fáil sa láthair oibre ar mhaithe le cúiseanna sláinte agus sábháilteachta. Tá dualgas reachtaíochta ar fhostaithe a chinntiú go dtugtar tuairisc gan mhoill ar Fhoirm Thuairisce ar Thimpiste/ar Tharlúint don Oifigeach Sláinte faoi aon timpist/eachtra a d'fhéadfadh tarlú.

Beartais, Rialacha agus Rialacháin an Choláiste

Is fostóir Earnála Poiblí é an Coláiste agus é faoi réir ag Comhaontuithe Náisiúnta, mar atá aontaithe ag na Comhpháirtithe Sóisialta Náisiúnta. Tá sé ceangailte chomh maith ag rialacháin, ag ciorcláin agus ag treoracha eisithe ar son an Rialtais ag Roinn an Airgeadais, ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus ag an Údarás um ArdOideachais.

Tá fostaithe i gcónaí faoi réir ag forálacha bheartais éagsúla an Choláiste, agus rialacha agus rialacháin an Choláiste. Tá na beartais seo a leanas san áireamh ach d'fhéadfadh cinn eile a bheith i gceist freisin: Nósanna Imeachta maidir le Gearáin agus Araíonacht, Dínit san Ionad Oibre, Rialacha agus Rialacháin Scrúduithe, Beartas maidir le Ríomhaireacht Fhreagrach agus Úsáid Áiseanna Teicneolaíochta Faisnéise. Tá na beartais seo leagtha amach ar Tairseach na Foirne i gcomhair fhostaithe an Choláiste. Moltar do gach fhostaí iad féin a chur ar an eolas faoi ábhair na mBeartas agus na Nósanna Imeachta ar Tairseach an Choláiste.

5. IARRATAS AGUS PRÓISEAS ROGHNAITHE

Modh Roghnaithe do Cheapachán

Gearrliostú

Tiocfaidh sainghrúpa le chéile chun gearrliosta d'iarratasóirí a dhéanamh, tomhaiste de réir critéar réamhchinntithe.

Is iad na critéir a úsáidfeá chun iarrthóirí don cheapachán seo a chur ar ghearrliosta:

- a) Céim iarchéime ag Leibhéal Máistreachta ar a laghad (ach is fearr PhD a bheith ag iarratasóir) agus fianaise maidir le saineolas i gceann amháin ar a laghad de na réimsí ábhair seo a leanas:

- ***Gaeilge (Dámh an Oideachais)***

- b) Taithí teagaisc ag leibhéal na bunscoile, na meánscoile nó an tríú leibhéal;

Agallamh

Is é An Bord Agallaimh a mholfaidh iarrthóir do cheapachán. Beidh an ceapachán bunaithe ar an moladh seo, ach amháin sa chás go gcuireann cúrsaí sláinte nó taifead fostaíochta mí-oiriúnach bac leis an gceapachán. Cruthófar painéal óna líonfar, b'fhéidir, poist pháirtaimseartha, a íocfar in aghaidh na huaire a' chloig le linn saolré an phainéil (5 bliana).

Líonfar poist de réir mar a thagann folúntais chun cinn agus ní chiallaíonn áit a bhaint amach ar an bpainéal agus post a fháil dá bharr.

Scrúdú Dochtúra

Ar mhaithe le riachtanais maidir le sláinte a shásamh, d'fhéadfar go n-iarrfar ar iarrthóirí ráthúla, roimh cheapachán dóibh, páirt a ghlacadh i scagthástáil sláinte réamhfhostaíochta.

Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána

Beidh ar gach iarrthóir ráthúil páirt a ghlacadh i ngrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána. Tabharfar sainthreoir maidir leis an bpróiseas seo ag an am cuí. Ní chuirfear iarrthóirí nach gcomhlíonann riachtanais an Choláiste maidir leis seo san áireamh do cheapachán. Ní mór d'iarratasóirí a bhfuil cónaí orthu lasmuigh d'Éirinn ar feadh tréimhse charnach 36 mí nó níos faide thar 18 mbliana d'aois Imréiteach Póilíní Eachtracha a sholáthar ón tír nó ó na tíortha ina raibh cónaí orthu. Tabhair faoi deara, led' thoil; íocfaidh an t-iarratasóir aon chostais a eascróidh mar thoradh ar an bpróiseas seo.

Iarratais a Dhéanamh

Is gá iarratais a chur isteach i bhformáid chlóscríofa. Ní ghlacfar le hiarratais atá scríofa de lámh nó ní ghlacfar le hiarratais atá neamhiomlán. Tabharfar aitheantas d'iarratais laistigh de dhá lá oibre tar éis iad a chur isteach. Bí cinnte, led' thoil, d'fhillteáin um Dhramhphoist a sheiceáil mar tá seans gur cuireadh an admháil isteach ann. Sa chás nach bhfaigheann tú admháil laistigh de dhá lá oibre ó d'iarratas a chur isteach déan teagmháil leis an Oifig Acmhainní Daonna trí ríomhphost a sheoladh chuig hr@mic.ul.ie.

Is féidir teacht ar fhoirmeacha iarratais don bpost seo ar láithreán gréasáin Choláiste Mhuire gan Smál www.mic.ul.ie/about-mic/vacancies. Líon isteach an fhoirm iarratais agus seol ar ais í chuig recruitment@mic.ul.ie leis an teideal '**Teagascóir agus Léachtoir Páirtaimseartha**' faoin dáta seo:

2i.n., Dé Luain, 10 Deireadh Fómhair 2022

Ní féidir glacadh le hiarratais atá déanach.

Ní bheidh an Coláiste freagrach as aon chostais, costais taistil san áireamh, a bheidh ar iarrthóirí maidir lena n-iarrthóireacht.

Sa chás go ndéanann aon iarrthóir, iad féin nó trí dhuine ar bith eile, stocaireacht ar mhaithe le tionchar a imirt ar thoradh an phróisis roghnúcháin ina f(h)ábhar féin, déanfar iad a dhícháiliú láithreach ón gcomórtas. Tabharfar neamhaird ar aon ionadaíocht a déanfar ar son iarrthóra, le cead nó gan cead an iarrthóra.

Is fostóir comhionannas deiseanna é Coláiste Mhuire gan Smál. Bronnadh dámhachtain Institiúid Chré-umha Athena SWAN ar Choláiste Mhuire gan Smál mar aitheantas dár dtiomantas comhionannas agus deis do chách a chur chun cinn san ardoideachas.

Meán Fómhair 2022